**RABHADH**

**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.00**

**Treoracha d'Iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistigh**

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) **agus** (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) **nó** cuid (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) **nó** cuid (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14, 15 agus 16*
  Freagair (A), (B) **agus** (C)
- Ceist 5 *ar leathanach 17agus 18*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna uile.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C).**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair <u>12</u> de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla: Is í an chathair is mó in Éirinn ná:*

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | Gaillimh | ☐ | (b) | Béal Feirste | ☐ |
| (c) | Baile Átha Cliath | ☑ | (d) | Port Láirge | ☐ (1) |

***1.*** Tomhaistear teocht:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | i gcéimeanna | ☐ | (b) | i gciligiúil | ☐ |
| (c) | i méadair | ☐ | (d) | i gcileagraim | ☐ (1) |

***2.*** An gléas a úsáidtear chun aerbhrú a thomhas ná:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | baraiméadar | ☐ | (b) | ainéimiméadar | ☐ |
| (c) | teirmiméadar | ☐ | (d) | scálaí tomhais | ☐ (1) |

***3.*** Tháinig na Normannaigh go hÉirinn ar dtús:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | sa 12ú haois | ☐ | (b) | san 8ú haois | ☐ |
| (c) | sa 10ú haois | ☐ | (d) | sa 15ú haois | ☐ (1) |

***4.*** Bhí an otharlann i mainistir cosúil:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | le cistin | ☐ | (b) | le leabharlann | ☐ |
| (c) | le hospidéal | ☐ | (d) | le heaglais | ☐ (1) |

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiombail do stáisiún Gardaí ná:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | triantán dearg | ☐ | (b) | an litir mhór ‘G’ | ☐ |
| (c) | ciorcal le cearnóg timpeall air | ☐ | (d) | réalta ghorm | ☐ (1) |

***6.*** Tá bratach na Náisiún Aontaithe:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| (a) | gorm agus bán | ☐ | (b) | dearg, bán agus gorm | ☐ |
| (c) | glas, bán agus dearg | ☐ | (d) | bán agus dearg | ☐ (1) |

*7.* Ar léarscáil is éard a chuireann comhrianta in iúl ná:

(a) abhainn ☐ (b) airde os cionn leibhéal na farraige ☐

(c) teocht ☐ (d) cosáin ☐ (1)

*8.* Is ionaid iad scoileanna, coláistí agus ollscoileanna:

(a) don chaitheamh aimsire ☐ (b) don tionsclaíocht ☐

(c) don airgeadas ☐ (d) don oideachas ☐ (1)

*9.* San fhótagraf seo, tá leictreachas á ghiniúint ag:



(a) fuinneamh taoide ☐ (b) grianchumhacht ☐

(c) cumhacht ghaoithe ☐ (d) ola á dó ☐ (1)

*10.* Is é a thugtaí ar an bpríomhfhoirgneamh i gcaisleán cloiche ná:

(a) an túirín ☐ (b) an daingean ☐

(c) an bábhún ☐ (d) an diméin ☐ (1)

*11.* Is é a thugtar ar chomhaireamh fáinní na gcrann i gcoill chun píosa adhmaid a dhátú ná:

(a) dátú carbóin ☐ (b) bearradh ☐

(c) deindreacroineolaíocht ☐ (d) stratagrafaíocht ☐ (1)

*12.* Is éard is mó a bhíonn i limistéar cónaithe ná:

(a) monarchana ☐ (b) feirmeacha ☐

(c) stáisiúin chumhachta ☐ (d) tithe ☐ (1)

*13.* Cé acu aois ar thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain?

(a) 1600-1700 ☐ (b) 1700-1800 ☐

(c) 1800-1900 ☐ (d) 1900-2000 ☐ (1)

*14.* Is sampla d'acmhainn <u>inathnuaite</u> é/í:

(a) gual ☐ (b) gás ☐

(c) ola ☐ (d) gaoth ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**
**(6 mharc)**


I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh ar cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas:

(a) Uirlisí troda agus modhanna troda
**NÓ**
(b) Saol mná
**NÓ**
(c) Tithe
**NÓ**
(d) Nósanna adhlactha

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé uirthi ná ____________________________________

(6)

**(C) NA LOCHLANNAIGH** **(6 mharc)**




***1.*** Is í an tír marcáilte mar **A** ar an léarscáil ná ______________________________ (1)

***2.*** Is í an tír marcáilte mar **B** ar an léarscáil ná______________________________ (1)

***3.*** Seachas Éire, ainmnigh **DHÁ** thír ar thaistil na Lochlannaigh chucu.

______________________ agus ______________________ (2)

***4.*** Ainmnigh an **DÁ** saghas bád ar bhain na Lochlannaigh úsáid astu.

______________________ agus ______________________ (2)

**CEIST 2**
**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó cuid (B).**

**(A) PLANDÁIL ULADH** **(24 marc)**

**Foinse 1.**
Déan staidéar ar an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.

***Gildeanna Londain***

*D'áitigh Séamus 1 ar dhá Ghild déag saibhre i Londain, An Cumann Onórach Éireannach a chur ar bun, chun contae Chúil Raithin a 'phlandáil'. Athainmníodh an contae go Doire agus Cúil Raithin. Thóg gach gild sráidbhaile nó sráidbhailte ar na tailte a dáileadh orthu, mar shampla Baile an Éadaitheora (Draperstown i mBéarla), Baile an tSalainn (Salterstown i mBéarla). Agus iad spreagtha ag an sochar, níor thug siad isteach ach fíorbheagán tionóntaí Briotanacha leo agus choimeád siad líon mór tionóntaí Éireannacha d'ainneoin a gconarthaí leis an rialtas.*

***1.*** Cén fáth a d'áitigh Séamus I ar dhá ghild déag saibhre i Londain an 'Cumann Onórach Éireannach' a chur ar bun?

____________________________________________________

____________________________________________________ (2)

***2.*** Cad a rinne gach gild ar an talamh a dáileadh orthu?

____________________________________________________

____________________________________________________ (2)

***3.*** Dar leat, conas a fuair na tailte, a dtugtar Baile an Éadaitheora (Draperstown *i mBéarla*) **NÓ** Baile an tSalainn (Salterstown *i mBéarla*) orthu, a gcuid ainmneacha?

____________________________________________________

____________________________________________________ (2)

***4.*** Cén fáth nár thug na gildeanna isteach ach fíorbheagán tionóntaí?

____________________________________________________

____________________________________________________ (2)

***5.*** Cén fáth, dar leat, a raibh Gildeanna Londain tábhachtach i bplandáil Uladh? Tabhair **DHÁ** chúis.


1. __________________________________________________

____________________________________________________

2. __________________________________________________

____________________________________________________ (4)

**Foinse 2.**
Déan staidéar ar leárscáil bhaile phlandála agus freagair na ceisteanna thíos.




***6.*** Agus an léarscáil á húsáid agat, tabhair **DHÁ** phointe fianaise a thaispeánann gur baile pleanáilte é seo.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ (4)

***7.*** Ainmnigh gné chosantach **AMHÁIN** den bhaile.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***8.*** D'fhás na bailte plandála go mall. Cén chúis a bhí leis seo? Tabhair cúis **AMHÁIN.**

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***9.*** Seachas bailte nua a bhunú, tabhair **DHÁ** thoradh a bhí ag Plandáil Uladh.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ (4)

**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **(24 marc)**

**Foinse 1.** Déan staidéar ar an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanann é.

*Tá cónaí ar Maria Santoz i Vila Prudente, bruachbhaile de Sao Paulo, le cúig bliana is daichead. Bhí sí ar dhuine de na chéad daoine a lonnaigh sa cheantar tar éis di teacht ón oirthuaisceart lena fear céile ag lorg oibre.*

*Fuair a fear céile post ar an líne chóimeála i monarcha Ford agus tuilleann sé an "pá fuipeála", mar a thugann a lán daoine air. I gcathair ina bhfuil níos mó daoine ná jabanna, tá fir agus mná sásta uaireanta fada a chaitheamh ag obair ar phá an-íseal. Nuair a dhéanann daoine iarracht ar throid le haghaidh dálaí oibre agus pá níos fearr trí na ceardchumainn, tugtar an bóthar dóibh go minic.*

*Nuair a shroich siad Sao Paulo ar dtús, ní raibh áit le cónaí ag Maria ná ag a fear céile agus is le linn dá fear céile a bheith ag lorg oibre gur aimsigh sé an favela i Vila Prudente. Bhí na daoine, a raibh cónaí orthu ann, ag glacadh seilbh mhídhleathach ar an talamh ach ní raibh aon duine sásta iad a chaitheamh amach as. Bhí sé seo amhlaidh mar bhí sé ar phíosa talún a bhí sáite idir líne iarnróid agus príomh-mhórbhealach agus gan puinn tairbhe ann do dhuine ar bith. Ní raibh leictreachas ná córas séarachais sa favela. Chun uisce óil sábháilte a fháil, théadh Maria timpeall míle go dtí an píopa uisce is cóngaraí agus bhíodh uirthi é seo a dhéanamh cúig huaire, ar a laghad gach lá.*

***1.*** Cé mhéad bliain atá cónaí ar Maria i Vila Prudente? ______________________ (1)

***2.*** Cá bhfuair fear céile Maria post? ______________________ (1)

***3.*** Cad is brí leis an téarma "pá fuipeála"? ______________________

______________________ (2)

***4.*** Mínigh na téarmaí seo a leanas:

**Ceardchumann** ______________________

______________________

**Favela** ______________________

______________________ (4)

***5.*** Cén fáth nár caitheadh Maria agus a fear céile amach as an talamh inar lonnaigh siad?

______________________

______________________ (2)

***6.*** Liostaigh **TRÍ** fhadhb a bhíonn roimh Maria ina háit chónaithe i Vila Prudente.

1. ______________________

______________________

2. ______________________

______________________

3. ______________________

______________________ (3)


***7.*** Cén fáth, dar leat, a mbíonn oiread sin daoine, mar Maria agus a fear céile, tarraingthe chuig cathair mar Sao Paulo? Tabhair cúis **AMHÁIN.**

______________________________________________

______________________________________________ (2)

**Foinse 2. Príomhshráid i Vila Prudente**

Déan staidéar ar an bhfótagraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.



***8.*** Agus an fótagraf thuas á úsáid agat, tabhair **DHÁ** phíosa fianaise a thaispeánann gur ceantar bochtanais é seo.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ (2)

***9.*** Luaigh **DHÁ** rud a d'fhéadfaí a dhéanamh le feabhas a chur ar an tsráid seo.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ (4)

***10.*** Cén fáth, dar leat, a bhfuil ceantair lena leithéid de bhochtanas i dtír mar an Bhrasaíl?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (3)

# CEIST 3
**24 marc**


**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) nó cuid (C)**

## (A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)

**Féach ar na foinsí seo agus freagair na ceisteanna ar an leathanach trasna.**







*Images from http://www.womeninworldhistory.com*

Baineadh úsáid as mná agus páistí mar oibrithe sna mianaigh i rith na Réabhlóide Tionsclaíche. Bhí roinnt ban ag obair ar unlais chun daoine agus gual a ardú amach as na mianaigh, ach formhór an ama tharraing siad trucailí beaga guail trí tholláin. Tugadh 'hurrying' air seo.

* * * * *

D'oibrigh roinnt páistí, a bhí róbheag chun cabhrú leis na trucailí troma lán de ghual, mar 'trappers'.





*Image from the National Coal Mining Museum for England*

Shuíodh 'trapper' i gceann de na tolláin dhorcha agus d'osclaíodh sé/sí geata chun na 'hurriers' agus a dtrucailí troma a scaoileadh tríd. Thosnaíodh na 'trappers' ag obair nuair a bhíodh sé fós dorcha agus chríochnaídís tar éis dul faoi na gréine. An t-aon uair a d'fheicidís an ghrian ná an Domhnach.

Ba dhuine de na 'hurriers' í Maria Gooder.  Dúirt sí :

***"Déanaim 'hurrying' d'fhear le mo dheirfiúr, Anne, atá 18. Caitheann sé go deas linn.***

***Ní maith liom a bheith sa mhianach. Bíonn tuirse agus eagla orm. Téim ann ag a 4.30 tar éis leite a bheith agam don bhricfeasta. Tosnaím 'hurrying' ag a 5.00.***

***Bíonn dinnéar againn ag 12.00 meán lae. Bíonn arán tirim againn, gan faic eile. Tá uisce sa mhianach ach ní ólaimid é."***

***1.*** Ar thaitin sé le Maria a bheith ag obair sa mhianach? Tabhair cúis le do fhreagra.

______________________________________________ (2)

***2.*** Cén fáth a raibh mná agus páistí fostaithe sna mianaigh?

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***3.*** Cad iad na gortuithe, dar leat, a d'fhéadfadh a bheith faighte ag 'hurriers' agus 'trappers' as a bheith ag obair sna mianaigh?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***4.*** Cén fáth a raibh gual chomh tábhachtach sin i rith na Réabhlóide Tionsclaíche?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (3)

***5.*** Cén fáth nach n-oibríonn páistí feasta i mianaigh sa Bhreatain? Tabhair **DHÁ** chúis.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (3)

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

Bhí an tanc ar cheann de na huirlisí troda nua sa Chéad Chogadh Domhanda.
Ba shaighdiúir 19 mbliana é Bert Chaney a rinne cur síos ar thanc a fheiceáil don chéad uair.

> *"Chualamar glórtha aisteacha preabacha, agus ag treabhadh chugainn go mall tháinig trí arracht ollmhóra mheicniúla nach raibh a leithéid feicthe againn riamh cheana. An chéad smaoineamh a bhí agam ná go raibh an dealramh orthu go dtitfidís ar a sróna, ach choimeád a n-eireabaill, agus an dá roth bheaga ar a chúl, síos iad agus choimeád siad ar leibhéal iad. Ba rudaí móra miotail iad, le dhá fhoireann de rothaí altacha a chuaigh timpeall a gcorp ar fad. Bhí bolg ollmhór ar an dá thaobh, le doras sa chuid sin a bhí ag bolgadh amach agus bhí meaisínghunnaí ar sclóinte ag gobadh amach as an dá thaobh."*

***1.*** Tabhair buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** atá ag an tanc mar uirlis troda.

Buntáiste ____________________________________________

Míbhuntáiste __________________________________________ (4)

***2.*** Ainmnigh uirlis troda nua **AMHÁIN** eile a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda.

______________________________________________________ (2)

***3.*** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

a. Ag imeacht 'thar an mbarr'
b. Conradh Versailles
c. An Lusitania á chur faoi uisce
d. An saol sna trinsí.

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________


______________________________________________________ (6)

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

Tógadh na pictiúir seo i sluachampaí géibhinn tar éis an chogaidh.



*Fótagraf tógtha ag Lt. A.E. Samuelson*



*Fótagraf tógtha ag Private H. Miller*

***1.*** Ainmnigh sluachampa géibhinn **AMHÁIN** a bhí ann sa Dara Cogadh Domhanda.

______________________________________________________________________ (3)

***2.*** Grúpa ámhain daoine a cuireadh chuig na sluachampaí géibhinn ná na Giúdaigh.

Ainmnigh grúpa **AMHÁIN** eile a cuireadh chuig na sluachampaí géibhinn.

______________________________________________________________________ (3)

***3.*** Déan cur síos ar an saol mar a bhí sé ag daoine sna sluachampaí géibhinn.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (6)

# CEIST 4
**24 marc**

**Freagair GACH cuid (A), (B) agus (C).**

## (A) AN DOMHAN FORBARTHA – ÚSÁID AN UISCE (8 marc)

**Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna go léir thíos.**





*Ar meán, úsáideann gach duine in Éirinn thart ar 150 lítear uisce gach lá.*

*GO GARBH, úsáidtear mar seo é*

*50 lítear uisce chun an leithreas a shruthlú*
*27 lítear uisce chun na miasa a ní*
*15 lítear uisce i gcócaireacht*

*30 lítear uisce chun na héadaí a ní i meaisín*
*18 lítear uisce chun an gairdín a uisciú*
*10 lítear uisce in úsáidí eile*
*(ól, lámha a ní, fiacla a scuabadh)*

*Déantar uisce a vástáil gach lá in Éirinn. Cailltear céatadán mór uisce de bharr sileadh ó sheanphíopaí.*

***1.*** Mol rud **AMHÁIN** a d'fhéadfá a dhéanamh chun úsáid an uisce a laghdú san áit ina bhfuil cónaí ort.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***2.*** Tá an t-ádh le muintir na hÉireann. Tá formhór an uisce, a thagann isteach inár dtithe, inólta.
Cad iad na fadhbanna sláinte a fhéadann teacht de bharr uisce salach?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***3.*** Slí amháin chun daoine a dhéanamh níos cúramaí faoi úsáid an uisce ná tosú ar mhéadrú uisce agus táille a chur ar dhaoine le haghaidh gach lítear uisce a úsáideann siad.
An gceapann tú gur smaoineamh maith é seo? Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

**(B) AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA – ÚSÁID AN UISCE (8 marc)**

**Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna go léir thíos.**





*I mórán tíortha Afraiceacha is cuid mhór den obair í uisce a bhailiú gach lá. Sa chuid is mó déanann mná agus páistí an obair seo. Bíonn ar mhná áirithe siúl ar feadh tréimhse fada den lá go dtí an abhainn nó an poll uisce agus ansin bíonn orthu an t-uisce a thabhairt ar ais abhaile. Tá uisce an-trom.*

*Bíonn an t-ádh leis na daoine i sráidbhailte áirithe. Thochail siad tobair (uaireanta le cabhair ó mhuintir na hÉireann) agus tá siad in ann a gcuid uisce a fháil ó sconna mór a fhreastalaíonn ar an sráidbhaile go léir. De ghnáth, bíonn an t-uisce as na tobair i bhfad níos glaine ná an t-uisce as na poill uisce nó na haibhneacha.*

*Níl sé costasach tobar a thochailt agus de ghnáth bíonn sé an-fhurasta na sconnaí a shocrú má bhriseann siad.*

***1.*** Ainmnigh grúpa nó eagraíocht **AMHÁIN** as Éirinn a oibríonn le daoine i roinnt tíortha Afraiceacha chun tobair a thochailt agus a gcuid dálaí maireachtála a fheabhsú.

____________________________________________________ (2)

***2.*** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach a dheimhniú go bhfuil na tobair saghas simplí agus nach bhfuil píosaí costasacha ag teastáil uathu?

____________________________________________________

____________________________________________________ (2)

***3.*** Tabhair **DHÁ** shampla den tslí a mbeadh athrú saoil ann do shráidbhaile dá gcabhrófaí leo tobar a thochailt.

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________ (4)

## (C) AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA – IONCHAS SAOIL (8 marc)

**Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna go léir thíos.**

Comhartha maith ar shláinte tíre is ea *Ionchas Saoil* nó an fad a mheastar go mairfidh daoine.

Is iad seo na figiúir ar Ionchas Saoil ag roinnt tíortha:

| | |
|---|---|
| Éire (An Eoraip) | 78 bliana |
| An Tansáin (An Afraic) | 51 bliana |
| Mailí (An Afraic) | 49 bliana |
| An Bhrasaíl (Meiriceá Theas) | 72 bliana |
| Angóla (An Afraic ) | 38 bliana |
| An Astráil ( An Aigéine) | 81 bliana |
| Na Stáit Aontaithe (Meiriceá Thuaidh) | 78 bliana |
| An Iorua (An Eoraip) | 79 bliana |

***1.*** Is í an tír leis an ionchas saoil is ísle ná ________________________________________. (1)

**2.** Tá na trí thír leis an ionchas saoil **IS ÍSLE** ar fad ar an mór-roinn seo

__________________________________________________________________________ (1)

***3.*** Scríobh faoi na tosca ar féidir tionchar a bheith acu ar Ionchas Saoil i dtír.

Luaigh **TRÍ** thoisc ar a laghad.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________ (6)

# CEIST 5
24 marc

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an Léarscáil 1 : 50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf cathair na Gaillimhe agus an ceantar ina timpeall.

***1.*** Ainmnigh Bóthar Náisiúnta **AMHÁIN** den Dara Grád a thaispeántar ar an léarscáil.

______________________________ (2)

***2.*** Agus an léarscáil agus an fótagraf á n-úsáid agat, scríobh faoi na tarraingtí nó na gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ar fáil don turasóir i nGaillimh.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (6)

***3.*** Meaitseáil na tagairtí eangaí seo a leanas leis an gcineál iompair ceart.
Tá an chéad cheann déanta duit.

| **Tagairt Eangaí** | | **Cineál iompair** | |
|---|---|---|---|
| **A** | **~~M 383 255~~** | **Traein** | |
| **B** | **M 303 253** | **Aer** | |
| **C** | **M 303 247** | **Bóthar** | **A** |
| **D** | **M 374 284** | **Bád fartha** | |

(9)

***4.*** Agus tú ag féachaint ar an léarscáil agus ar an bhfótagraf, cén fáth ar fhás cathair na Gaillimhe ar an láthair seo? Mol cúis **AMHÁIN**.

______________________________

______________________________ (3)

***5.*** Cén fhianaise atá ann, ar an léarscáil agus/nó ar an bhfótagraf, gur lárionad mór oideachais é an Ghaillimh?

(4)

**Leathanach Bán**

Leathanach Bán